



An Chomhairle Eorpach

An Bhruiséil, 2 Iúil 2019
(OR. en)

EUCO 18/19

CO EUR 17
CONCL 6

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Cruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach (30 Meitheamh, 1 agus 2 Iúil 2019) – Conclúidí

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcrúinniú thuasluaite.

1. Thogh an Chomhairle Eorpach Charles Michel ina Uachtarán ar an gComhairle Eorpach don tréimhse ón 1 Nollaig 2019 go dtí an 31 Bealtaine 2022. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar Ardrúnaí na Comhairle cuidiú le hUachtarán tofa na Comhairle Eorpaí san idirthréimhse.
2. Ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach cinneadh Chinn Stáit nó Rialtais na bPáirtithe Conarthacha sa Chonradh ar Chobhsaíocht, ar Chomhordú agus ar Rialachas san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a bhfuil an euro mar airgeadra acu Charles Michel a cheapadh ina Uachtarán ar an gCruinniú Mullaigh Euro don tréimhse ón 1 Nollaig 2019 go dtí an 31 Bealtaine 2022.
3. Ghlac an Chomhairle Eorpach an cinneadh lena ndéantar Ursula von der Leyen a mholadh do Pharlaimint na hEorpa mar iarrthóir le haghaidh Uachtaránacht an Choimisiúin Eorpaigh.
4. Measann an Chomhairle Eorpach gurb é Josep Borrell Fontelles an t-iarrthóir iomchuí le haghaidh Ardionadaíocht an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, faoi réir comhaontú ó Uachtarán toghaí an Choimisiúin.
5. Measann an Chomhairle gurb í Christine Lagarde an t-iarrthóir iomchuí le haghaidh Uachtaránacht an Bhainc Ceannais Eorpaigh, faoi réir an teistiméireacht agus na tuairimí ábhartha a fháil i gcomhréir leis na Conarthaí.